

**10 LÁ AG
FULAINGT LE TINNIS
CINN, TEOCHT AGUS
PIANTA SNA MATÁIN**

**NÓ
DÁILEOG
FLIÚ 10
SOICIND**

Is é an vacsaín an t-aon chosaint ina aghaidh.

www.immunisation.ie

FAIGH AN VACSAÍN LE BHEITH CINNTE AGUS SÁBHÁILTE

VACSAÍN FLIÚ 2011

Cad is fliú séasúrach (influenza) ann?

Is tinneas víreasach an-tógálach sa chonair riospráide é an Fliú Séasúrach agus is féidir leis do bheatha a chur i mbaol.

An bhféadadh tinneas tromchúiseach a fháil de bharr an fliú?

Is tinneas tromchúiseach í an Fliú. Is daoine os cionn 65 bliain d'aois is mó a fhaigheann bás dá bharr. D'éascair ráig as víreas nua i 2009. Bhuail Fliú na Muc páistí óga, mná torracha agus daoine faoi 65 a raibh fadhbanna sláinte fadtéarmacha acu.

An slaghdán nó fliú é?

Tagann comharthaí an fhlíú, fiabhras, pianta sna matáin, tinneas cinn agus tuirse chun cinn go tobann. Níl slaghdán ina thinneas chomh dian leis an bhfliú. Tosaíonn slaghdán de réir a chéile le scornach thinn, srón dúnta nó srón smaoiseach. Tá comharthaí an tslaghdáin i bhfad níos séimhe ná comharthaí an fhlíú.

Cad is vacsaín an fhlíú shéasúraigh (bhliantúil) ann?

Bíonn trí chineál fliú coitianta sa vacsaín don fhlíú séasúrach (bliantúil) gach bliain. Tagann athrú ar an víreas gach bliain agus is é sin an fáth a mbíonn vacsaín nua ag teastáil gach bliain. Tá Fliú na Muc san áireamh i vacsaín fhlíú na bliana seo.

Conas a oibríonn vacsaín an fhlíú shéasúraigh?

Cabhraíonn vacsaín an fhlíú le córas imdhíonachta an duine frithbheathaigh a chothú in aghaidh an víreas. Nuair a thagann duine a bhfuil an vacsaín faighte aige/aici i dteagmháil leis an víreas, ionsaíonn na frithbheathaigh seo an víreas.

Cé chomh sábháilte is atá vacsaín an fhliú?

Tá vacsaíní don fhliú séasúrach tugtha do na milliúin daoine ar fud an domhain le breis is 60 bliain. Frithghníomhaithe réasúnta éadrom a bhíonn ann go h-iondúil agus is annamh a mbíonn seachthorthaí ann dá bharr. Ní féidir le vacsaíní an fhliú séasúrach an fliú a thabhairt duit.

Cé ar chóir dóibh vacsaín an fhliú séasúraigh a fháil?

Moltar go láidir go ndéanfar vacsaíniú orthu seo a leanas:

- Daoine atá 65 bliana d'aois agus os a chionn,
- Daoine a bhfuil fadhb shláinte fad-téarmach acu, ar nós diaibéiteas, galar croí nó scamhóige,
- Daoine a bhfuil a gcóras imdhíonachta lagaithe de bharr galar nó cóireála leighis,
- Daoine le h-innéacs corpmhaise (BMI) os cionn 40,
- Mná torracha (is féidir é a thabhairt ag aon tráth i rith an toirchis)
- Daoine atá in ionaid altranais agus in institiúidí fadtéarmacha eile,
- Oibrithe cúraim sláinte,
- Cúramóirí
- Daoine a mbíonn dlúthcheangal rialta acu le h-éanlaithe chlóis, éanlaithe fiáine uisce nó muca.

Cé NÁR chóir dóibh vacsaín an Fhliú shéasúraigh a fháil?

Níor chóir an vacsaín a thabhairt do dhaoine a raibh frithghníomh dona ailléirgeach (anaifiolacsas) acu in aghaidh vacsaín HPV cheanna nó in aghaidh aon chomhábhair atá inti.

Cad faoi daoine a bhfuil ailléirge acu in aghaidh uibheacha?

Is féidir vacsaín an fhliú shéasúraigh a thabhairt do dhaoine a bhfuil ailléirge acu in aghaidh uibheacha. D'fhéadfadh do dhochtúir teaghlaigh é a thabhairt duit nó b'fhéidir gur gá duit speisialtóir ospidéal a fheiceáil.

Cathain ar chóir an vacsaíniú a chur ar athló?

Níl mórán cúiseanna ann chun an vacsaíniú a chur ar athló. Ba chóir an vacsaíniú a chur siar má tá tú an-tinn agus teocht os cionn 38C° ort.

Cén fáth gur gá do mhná torracha vacsaín an fhliú shéasúraigh a fháil?

Le linn na paindéime, bhí mná torracha i mbaol níos mó deacrachtaí de bharr Víreas Fhliú na Muc. Tá Víreas Fhliú na Muc fós ann agus ceaptar go mbeidh sé i measc na gcinn is coitianta an geimhreadh seo. Ní mór mná torracha a chosaint. Cosnóidh an vacsaín don fhliú séasúrach in aghaidh Víreas Fhliú na Muc agus is féidir é a thabhairt ag aon tráth i rith an toirchis.

'Má tá tú ag iompar clainne, léigh an bhileog FSS 'Vacsaín an Fhliú - Eolas do Mhná Torracha.'

Cathain is cóir duit vacsaín an fhliú a fháil?

Beidh an vacsaíniú ar siúl i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

Cén fhad a thógann sé go dtí go dtosaíonn an vacsaín ag obair?

Tosaíonn an vacsaín ag obair laistigh de choicís.

Cad leis a mbeidh mé ag súil i ndiaidh an vacsaínithe?

D'fhéadfadh seachthorthaí séimhe a bheith ann ar nós pian, deargadh nó at san áit ar tugadh an vacsaín. D'fhéadfadh fiabhras, pianta agus tuirse a bheith i gceist. Cuireann roinnt daoine allas agus bíonn crithfhuacht orthu de réir mar a ghéilleann a gcóras imdhíonachta don vacsaín, ach ní fliú é seo agus imeoidh sé tar éis lá nó dhó.

Tá mise i ngrúpa atá i mbaol - Conas a bhfaighidh mé an vacsaíniú?

Tá an vacsaíniú agus an comhairliú saor in aisce má tá 'Cárta Leighis' nó Cárta 'Dochtúra Amháin' agat.

Gearrfar táille chomhairliúcháin ort don vacsaín fliú shéasúraigh mura bhfuil 'Cárta Leighis' nó 'Cárta Dochtúra Amháin' agat.

Déan coinne anois le do thoil.

Vacsaín Niúmacocúil

Má tá tú os cionn 65 bliain d'aois nó má tá fadhb sláinte fhadtéarmach agat, ba chóir duit ceist a chur ar do dhochtúir faoin vacsaín niúmacocúil chomh maith mura bhfuair tú í roimhe seo. Tugann an vacsaín seo cosaint i gcoinne niúmóine.

Ní bhíonn ag teastáil ach aon dáileog AMHÁIN den vacsaín seo go h-iondúil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó féach ar

www.immunisation.ie



Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive



Foilsithe ag: Oifig Imdhíonta Náisiúnta FSS.

Dáta foilsithe: Meán Fómhair 2011.